ULSTER
MUSEUM



# LÉARSCÁIL

# FÁILTE CHUIG MÚSAEM ULADH


**Fiosraigh an Ealaín, an Dúlra agus an Stair in aon ord is mian leat agus na hardaitheoirí in aice leis an deasc fáiltithe in úsáid agat. Ar nós píse atá leibhéil an Mhúsaeim – de réir mar a chasann tú ar chlé, rachaidh tú in airde i dtreo na ngailearaithe ealaíne, de réir mar a chasann tú ar dheis, tiocfaidh tú anuas chuig an deasc fáiltithe. Cuirtear tús leis an bhealach is inrochtana atá againn ar leibhéal 5 ag Gailearaí na hEalaíne Feidhmí George agus Angela Moore.**

Oscailte: 10:00 - 17:00, Dé Máirt-Dé Domhnaigh agus Laethanta Saoire Bainc áirithe.

**Bain leas as do chuairt**

- Ná leag lámh ar na rudaí ná ar an ealaín, le do thoil.
- Ná tabhair bia ná deoch isteach sna gailearaithe, le do thoil.
- Déan maoirseacht ar do pháistí, le do thoil.
- Chun tú féin agus cuairteoirí eile a choinneáil sábháilte, ná bí ag rith.
- Fág málaí sa Seomra Cótaí in aice leis an deasc fáiltithe, le do thoil.
- Léirigh meas ar eispéireas cuairteoirí eile.
- Tá fáilte roimh an ghrianghrafadóireacht, ach ná húsáid splanc le do thoil.
- Ná caith tobac ná bheith ag vápáil san fhoirgneamh, le do thoil.

Tabhair cuairt ar **ulstermuseum.org** le haghaidh ár dtreorach agus ár rialachán.



## EALAÍN

Aimsigh an chuid is fearr de na bailiúcháin náisiúnta inár ngailearaithe áille ealaíne. Tiocfaidh tú ar shaothair ón 16ú haois go faisean agus troscán nua-aimseartha, pictiúir, priontaí, dealbhóireacht agus earraí airgid. Amharc ar thaispeántais le healaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Gabh chuig ár suíomh gréasáin chun sonraí a fháil faoi cad go díreach a bheidh ar siúl nuair a thugann tú cuairt.

Tóg an t-ardaitheoir go dtí leibhéal 5.

## DÚLRA

Fiosraigh iontais an dúlra agus bunús an Domhain inár ngailearaithe eolaíochta nádúrtha. Amharc ar chriostail áille, iontaisí iontacha agus féach thart ar an gcaoi a chaomhnaítear beagnach dhá bhilliún bliain de stair gheolaíoch i gcarraigeacha an oileáin seo.

Tóg an t-ardaitheoir go dtí leibhéal 3.

## STAIR

Gabh ar thuras tríd an stair agus tú ag dul ó na daoine is luaithe i gCúige Uladh, trí aimsir chorrach chogaidh agus coimhlinte go tréimhsí forbartha síochánta agus dul chun cinn. Tá raidhse déantúsán fíorspéisiúil sa bhailiúchán ó 10,000 bliain ó shin go dtí an lá atá inniu ann. Coinnigh súil amach d'ór ársa agus seol cumhachta ón táirgeoir línéadaigh is mó ar domhan.

Tóg an t-ardaitheoir go dtí leibhéil 1 nó 2.

## FUINNEOG AR ÁR nDOMHAN

Téann Fuinneog ar Ár nDomhan trí thrí stór i lár an fhoirgnimh agus is ann atá na píosaí is suntasaí ó gach ceann dár mbailiúcháin. Tá macasamhail de cheann de na Crosa Ceilteacha is iontaí in Éirinn agus gunna mór a fuarthas ó longa báite Armáid na Spáinne ar na píosaí is suntasaí.

Siúil suas an rampa ón deasc fáiltithe nó féach isteach ar Fuinneog ar Ár nDomhan ó na gailearaithe Nua-Staire nó Dúlra.

## SPÁSANNA FIONNACHTANA

Bain sult as ár mbailiúcháin ar bhealach difriúil inár Spásanna Fionnachtana teagmhálacha – Faigh Amach faoin Ealaín, Faigh Amach faoin Dúlra agus Faigh Amach faoin Stair. Is áiteanna foirfe iad seo chun do chuid ealaíne féin a chruthú, chun dul suas gar do chréatúir bheaga faoi mhicreascóp, nó naisc a dhéanamh idir an t-am atá caite agus an lá atá inniu ann. Fáilte roimh chách!

Tóg an t-ardaitheoir go dtí leibhéil 1, 3 nó 5.

## DEASC FÁILTITHE

Faigh amach cad atá ag tarlú inniu agus buail lenár saintreoraí ag an deasc fáiltithe. Bailigh anseo le haghaidh turais rialta agus amharc ar thaispeántais shealadacha ina léirítear gach a bhfuil le taispeáint ag an Mhúsaem.

Gabh isteach ar leibhéal 0.


## SEOMRA BHÉAL FEIRSTE

I Seomra Bhéal Feirste léirítear taispeántais shealadacha rialta a forbraítear i gcomhpháirtíocht leis an phobal.

Gabh isteach ar leibhéal 0.

STAIR
FUINNEOG AR ÁR nDOMHAN
CAIFÉ
SIOPA
SEOMRA BHÉAL FEIRSTE





## SIOPA

Aimsigh raon earraí atá coimeádta go cúramach ag siopa Mhúsaem Uladh. Déan fiosrú níos doimhne ar ár mbailiúcháin agus tú ag dul tríd an réimse leathan de leabhair, ag brabhsáil an chuid is fearr de thalann deartha áitiúil, nó tóg bronntanas iontach leat.
Tá rud éigin ann do gach duine!

Gabh isteach ar leibhéal 0.



## CAIFÉ

An bhfuil ocras ort? Tá an t-ádh ort. Inár gcaifé Wynne & Pym gheobhaidh tú blastóga sáillte, béilí lóin agus deisíní milse chomh maith le saintaenna agus caife espresso den scoth. Tá an caifé ainmnithe as na hailtirí a dhearaigh an foirgneamh iontach seo, 50 bliain ina dhiaidh.

Gabh isteach ar leibhéal 0.




## NA TRIOBLÓIDÍ AGUS NÍOS FAIDE I GCÉIN

Fiosraigh na Trioblóidí agus Tuaisceart Éireann ag teacht chun cinn ó bhlianta coinbhleachta i gcomhthéacs tionchair shóisialta, eacnamaíocha, chultúrtha agus pholaitiúla níos leithne. Foghlaim tuilleadh faoi stair na coimhlinte agus a tionchar ar an saol laethúil, ar dhaoine agus ar phobail trí réimse suntasach rudaí a léiríonn dearcthaí agus eispéiris éagsúla. Chuir an pobal go díreach le go leor rudaí mar chuid den tionscadal 'Bailiúchán na dTrioblóidí agus Níos Faide i gCéin', le tacaíocht ó Chiste Oidhreachta an Chrannchuir Náisiúnta.


Gabh isteach trí Fhuinneog ar Ár nDomhan, leibhéal 0.

Ardaitheoirí

Rampa Cathaoireacha Rothaí

Cathaoir Staighre

Spás Fionnachtana




# STAIR
# FUINNEOG AR ÁR nDOMHAN



# FAIGH AMACH FAOIN STAIR

Is bealach spraíúil é an spás Discover History chun bailiúcháin staire, seandálaíochta agus cultúir dhomhanda Mhúsaem Uladh a fhiosrú. Bain triail as cloigeann réamhstairiúil a athchruthú, féinín a ghlacadh i bhfeisteas seanré nó an bróg is mó a chonaic tú riamh a aimsiú! Tá treoraí ar fáil chun aon cheisteanna a fhreagairt.


Gabh isteach trí Nua-Stair, leibhéal 1.



# NUA-STAIR 1500 - 1968

Tá an Nua-Stair eagraithe timpeall ar imeachtaí agus téamaí iomráiteacha a insíonn scéal chúige stairiúil Uladh ó 1500 go 1968. I measc na réad atá ar taispeáint tá feisteas Dhún Geimhin, ball éadaigh neamhchoitianta ón 16ú haois a fuarthas ó phortach, agus claíomh Henry Joy McCracken, duine mór le rá sna nÉireannach Aontaithe a chrochadh sa bhliain 1798. Tá ceangal díreach le go leor de na rudaí le príomhimeachtaí agus pearsantachtaí le 500 bliain anuas – ó Hugh O'Neill agus Arthur Chichester, go Isabella Tod agus James Connolly.

Gabh isteach ar leibhéal 2. Is féidir le húsáideoirí cathaoireacha rothaí agus bugaí rochtain níos éasca a fháil ar an gcuid is mó den ghailearaí ó leibhéal 1.




# GUTHANNA 1968

Spreagann an taispeántas seo súil úr ar thréimhse i stair Thuaisceart Éireann, i bhfocail cuid de na daoine a raibh baint dhíreach acu leis ag an am.


Gabh isteach trí Nua-Stair, leibhéal 1.

Ardaitheoirí

Inrochtana, atá neodrach ó taobh inscne de.

Cathaoir Staighre

Leithris







STAIR
DÚLRA
FUINNEOG AR ÁR nDOMHAN




## POBAIL LUATHAOISE

Gabh ar thuras siar in am inár ngailearaithe seandálaíochta, ó chéadlonnaitheoirí na hÉireann (timpeall 8000 RC) go hathruithe a tugadh isteach ag feirmeoirí Neoiliteacha (timpeall 4000 R.Ch.). Fiosraigh an Chré-Umhaois (timpeall 2300 R.Ch.), nuair a rinneadh na chéad réada óir agus miotail a ghaibhniú. Ansin amharc ar réada ó thart ar 600 R.Ch, tús na hlarannaoise.

Gabh isteach ar leibhéal 2.

## AN TSEAN-ÉIGIPT

Féach ar cad é mar a mhair daoine san Éigipt na mílte bliain ó shin agus foghlaim faoi shaol agus bás Takabuti. In aice láimhe, feicfidh tú bábóg adhmaid linbh, cíora gruaige, seodra agus prócaí cosmaidí a bhíodh in úsáid go laethúil tráth.

Gabh isteach trí Pobail Luathaoise, leibhéal 2.



## ARMÁID NA SPÁINNE

Tá go leor scéalta de thragóid agus de thaisce faoi Armáid mhí-ámharach na Spáinne 1588 sa bhailiúchan seo a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis. I measc na longa a scriosadh feadh chósta na hÉireann bhí an Girona, lán d'ór agus saibhreas pearsanta, agus La Trinidad Valencera, colgach le hairm chogaidh.

Gabh isteach ó chosán leibhéal 2.

## NAOIMH & SCOLÁIRÍ


Faigh amach cad é mar a scaipeadh an Chríostaíocht in Éirinn (timpeall AD 500) in éineacht le scríbhinní agus réada úra déanta don eaglais. Foghlaim faoi ionróirí Lochlannacha agus deireadh Éire Ghaelach na meánaoise (thart ar AD 1600), le fianaise ar choimhlint.

Gabh isteach trí Pobail Luathaoise, leibhéal 2.

## STAIR DHOMHANDA IONCHUIMSITHEACH

Léirítear sa taispeántas seo an tús lenár dturas i dtreo díchoilínithe, éagsúlachta agus ionchuimsithe. Tríd an taispeántas seo, tá Músaem Uladh ag déanamh athmheasúnú ar a bhailiúchán um Chultúir Dhomhanda, chun tuiscint níos fearr a fháil ar na scéalta casta domhanda a bhaineann le thart ar 4,500 mír agus na roghanna atá ann dá dtodhchaí

Gabh isteach ó chosán leibhéal 2.




# DÚLRA
# FUINNEOG AR ÁR nDOMHAN





## FAIGH AMACH FAOIN DÚLRA

Fiosraigh an dúlra ó shliogáin coimhthíocha, féileacáin, iontaisí agus mianraí, go hainmhithe agus éin áitiúla. Amharc níos cruinne ar fheithidí beaga bídeacha faoi mhicreascóp agus tóg agus mothaigh réada níos mó – is féidir do lámh a leagan ar eireaball eilifinte fiú!

Gabh isteach ar leibhéal 3.

## IONTAISÍ AGUS ÉABHLÓID

Fiosraigh iontaisí iontacha ó 'reilig' de shliogáin amóinítí bídeacha go hiasc fada fiaclach ceithre mhéadar. Amharc ar bhlaoscanna de mhioneilifintí agus d'fhia mór na mbeann. Faigh amach cén fáth nach bhfuil do chnámharlach féin chomh difriúil sin ó chnámharlach a bhíonn ag moncaí, luchóg, nó caochán.

Gabh isteach ó chosán leibhéal 4.

## AN DOMHAN BEO

Foghlaim níos mó faoi bheatha ar Domhan – san am atá thart agus san am i láthair. Fiosraigh alga iontaiseach, na sliogáin aisteacha d'amóinítí agus cruthanna coimhíocha na dtríliopach. Amharc ar chrosóga mara, ollbhreallaigh agus ar phiongain impireach na linne seo. Déan iontas ar an chéalacant, iasc a shíltear a bheith imithe in éag go dtí 1938, agus ar an cholm imirce, a bhí díothaithe faoi 1914.

Gabh isteach ar leibhéal 3.

## BUNÚS / SEODA AN DOMHAIN

Cuir do lámh ar bhlúire ó chroí pláinéid, a cruthaíodh ag tús ár nGrianchórais 4.5 billiún bliain ó shin. Déan iontas ar an éagsúlacht de mhianraí agus criostail a fhaightear ar an Domhan, agus ar an taispeántas mianraí is mó sa Ríocht Aontaithe a lonraíonn go geal faoi sholas ultraivialait.

Gabh isteach ar leibhéal 3.

## DÚILE


Tabharfaidh ár dtaispeántas 'Duile' tú ar thuras, ó na carraigeacha faoi do chosa go dtí áiteanna na cruinne is ársa agus is faide i gcéin. Déantar gach rud, ó víris mhicreascópacha go réaltraí ollmhóra, as dúile. Inár dtaispeántas ar leith is féidir leat a fháil amach cén chuma atá ar na dúile, cén áit a ndéantar iad, cad é mar a úsáidimid iad agus cén uair a mheastar iad a bheith contúirteach.

Gabh isteach ar leibhéal 3.

## AN DOMHAIN-AM & OIGHEARAOIS

Gabh ar thuras trí na blianta agus faigh amach faoi na carraigeacha is sine in Éirinn, aigéin ársa, aimsir na ndineasár agus tírdhreacha bolcánacha. Gabh síos an staighre agus isteach sna hOighearaoiseanna.

Gabh isteach ar leibhéal 3, trí Spotsolas: Dúlra.


Ardaitheoirí
Inrochtana, atá neodrach ó taobh inscne de.
Rampa Cathaoireacha Rothaí
Spás Fionnachtana
Leithris
TÁ TÚ ANSEO
5
4
GAILEARAÍ 4
GAILEARAÍ 3
GAILEARAÍ 5
GAILEARAÍ NA HEALAÍNE FEIDHMÍ GEORGE AGUS ANGELA MOORE
GAILEARAÍ 2
GAILEARAÍ 6
GAILEARAÍ 1
FAIGH AMACH FAOIN EALAÍN
GO DTÍ IONTAISÍ AGUS ÉABHLÓID, AN DOMHAIN BEO
SPOTSOLAS: EALAÍN

# EALAÍN







## FAIGH AMACH FAOIN EALAÍN

Is áit iontach é an spás spraíúil, praiticiúil seo chun do scileanna ealaíne a chleachtadh faoi stiúir ár dtreoraithe cuidiúla. Baintear leas sna gníomhaíochtaí as taispeántais reatha chun tacú leat d'ealaín féin a chruthú. Bíonn siad foirfe do pháistí agus do dhaoine fásta araon i seomra geal fairsing agus radharc uaidh thar Ghairdíní na Lus.

Gabh isteach ar leibhéal 5.

## GAILEARAÍ NA HEALAÍNE FEIDHMÍ GEORGE AGUS ANGELA MOORE

Is éard is Ealaín Fheidhmeach ann ná an leas a bhaintear as dearadh ealaíne ar ghnáthréada. Tá dhá réimse a bhfuil neart ar leith iontu ag baint lenár mbailiúcháin - an 18ú haois agus an réimse chomhaimseartha. I measc na mbuaicphointí tá criadóireacht Bhéal Leice agus stiúideo, gloine Éireannach, airgead, seodra agus saothair ealaíne dealbhóireachta le healaíontóirí idirnáisiúnta.

Gabh isteach ar leibhéal 5.

## GAILEARAÍ 1 & GAILEARAÍ 2

Tá an dá spás seo dár mbailiúcháin féin, agus béim ar Ealaín na hEorpa agus na hÉireann roimh 1870, agus taispeántais speisialta.

Gabh isteach ar leibhéal 5.

## GAILEARAÍ 3

Sa ghailearaí seo, bíonn taispeántais éagsúla d'Ealaín Fheidhmeach, lena n-áirítear ár mbailiúcháin cháiliúla faisin agus teicstíle.

Gabh isteach trí Ghailearaí na hEalaíne Feidhmí George agus Angela Moore, leibhéal 5.

## GAILEARAÍ 4

Tá an spás cluthar seo oiriúnach go maith do shaothair éagsúla agus go minic saothair fhíneálta ar pháipéar. Ní mhaireann taispeántais de na saothair seo níos faide na bliain, toisc go bhfuil na hábhair íogair i leith an solais.

Gabh isteach ar leibhéal 4.

## GAILEARAÍ 5

Tá Ealaín na hÉireann tar éis 1870 i gcroílár ár mbailiúchán, mar sin cuirimid ar taispeáint é i gcroílár ár ngailearaithe ealaíne. Ó am go chéile úsáidtear an spás seo le haghaidh taispeántais shealadacha.

Gabh isteach ar leibhéal 4.

## GAILEARAÍ 6

An ceann is mó agus is solúbtha dár ngailearaithe. Anseo is féidir leat saothair ónár mbailiúcháin ealaíne ón 20ú haois agus ónár mbailiúcháin ealaíne comhaimseartha a fheiceáil go rialta. Tá réimse leathan taispeántas sealadach againn sa spás suntasach seo freisin.

Gabh isteach ar leibhéal 4.

## SPOTSOLAS: EALAÍN

Cuirimid béim anseo ar ár mbailiúcháin féin agus ar iasachtaí ó am go chéile le taispeántais 'i bhfócas', ag féachaint ar ealaíontóirí, scoileanna agus téamaí éagsúla.

Gabh isteach ó chosán leibhéal 4.





## ULSTER FOLK MUSEUM

Bíodh taithí agat ar Chúige Uladh mar a bhí sé níos mó ná 100 bliain ó shin sa Mhúsaem faoin aer seo díreach taobh amuigh de Bhéal Feirste. Faigh amach conas is féidir le hathcheangal le nósanna agus traidisiúin an ama atá caite cuidiú linn fás agus rath a bheith orainn ar fud an domhain sa lá atá inniu ann.

Gabh i ngleic le bealaí maireachtála san am atá thart agus sa lá atá inniu ann, ag fiosrú foirgnimh taispeántais barántúla sa bhaile agus faoin tuath. Buail le treoraithe feistithe feadh na slí, ag tabhairt beocht don rud ar fad.

Féach ar na scileanna laethúla a cuireadh ar aghaidh thar na glúnta atá á gcoinneáil beo ag déantóirí cumasacha a bhíonn i mbun léirsithe ceardaíochta laethúla ar nós déanamh ciseán, gaibhneacht dhubh agus bácáil.

Tabhair cuairt ar **ulsterfolkmuseum.org** le haghaidh amanna oscailte agus praghsanna iontrála.

## ULSTER TRANSPORT MUSEUM

Gabh ar thuras tríd am agus faigh amach scéal eipiciúil an iompair agus an athraithe shóisialta sa chuid seo den domhan.

Faigh spreagadh ó fathaigh innealtóireachta an oileáin bhig seo, a bhfuil a aireagáin cheannródaíoch ar fud na talún, na farraige agus na spéire tar éis ár saol nua-aimseartha a mhúnlú.

Gabh ar bord traenacha gaile, lena n-áirítear an Meadb íocónach. Féach ar scéal an Titanic trí na céadta fíor-réad ón White Star. Tabhair cuairt ar na gailearaithe 'Músaem na Nuálaíochta' chun scéal na n-aireagán áitiúil iontach a fhoghlaim - lena n-áirítear carr DeLorean, a tugadh chun beatha trí thaispeántas fuaime agus solais.

Tabhair cuairt ar **ulstertransportmuseum.org** le haghaidh amanna oscailte agus praghsanna iontrála.

# ULSTER AMERICAN FOLK PARK



Tabhair chun cuimhne scéalta na mílte a thug faoi thuras neamhghnách ó Chúige Uladh go Meiriceá san 18ú agus sa 19ú haois.

Cuireann taispeántais tharraingteacha agus taispeántais idirghníomhacha – lena n-áirítear macasamhail ar mhéid an tsaoil de long Brig Union a sheol go leor daoine uirthi - beocht sa stair, agus tú ag bogadh ó thuaithe Uladh go dtí tírdhreacha Mheiriceá.

Siúil trí shráideanna agus tithe cónaithe athchruthaithe, idirghníomhaigh le treoraithe feistithe agus amharc ar cheardaíocht agus scileanna traidisiúnta.

Tabhair cuairt ar **ulsteramericanfolkpark.org** le haghaidh amanna oscailte agus praghsanna iontrála.

ULSTER AMERICAN FOLK PARK

# ROCHTAIN AR AN MHÚSAEM

Tá Músaem Uladh ann do chách. Tá muid ag obair chun teacht níos fearr a bheith ag gach duine ar an Mhúsaem le sult a bhaint as.

Má tá tuilleadh eolais uait, labhair linn ag an deasc fáiltithe, Leibhéal 0, le do thoil nó leis na Treoraithe a bhíonn thart ar an fhoirgneamh.

Ríomhphost
**ulstermuseumreception@nationalmuseumsni.org**
Guthán
**028 9044 0000**

Tá rochtain rampa ag go leor dár ngailearaithe, déan seic ar an chur síos ar an léarscáil nó iarr ar ár bhfoireann an bealach is fearr a aimsiú duit. Níl an gailearaí Deep Time oiriúnach do chathaoireacha rothaí nó bugaithe.

Tá cathaoireacha rothaí brú ar fáil agus dhá chathaoir rothaí le Gléasanna Cumhachtchúnta ar fáil d'aon duine a mbeadh ceann de dhíth orthu. Labhair linn ag an deasc fáiltithe, le do thoil.

Tá ardaitheoirí staighre feistithe ar chuid dár ngailearaithe. Ní féidir ach le baill foirne iad seo a oibriú – labhair le Treoraí lena n-úsáid.

Cuirimid lipéid mhóra chlóite ar fáil do gach taispeántas sealadach ar leibhéil 4 agus 5. Tóg cóip sa ghailearaí nó cuir ceist ar bhall dár bhfoireann.

Tá cuid dár mbailiúcháin íogair i leith solais. Chun iad a chosaint, ní mór dúinn ó am go chéile na leibhéil solais i gcuid dár ngailearaithe a choinneáil íseal.

Tá Lúb Ionduchtúcháin ag an deasc fáiltithe ar leibhéal 0. Tá fotheidil i mBéarla ar gach físeán sa Mhúsaem.

Tá Leithris Inrochtana feabhsaithe ann agus tá áiseanna athraithe ar fáil ar Urlár na Talún. Lean na comharthaí do Sheomra Bhéal Feirste.

Uaireanta bíonn an Músaem plódaithe agus torannach. Is é an t-am is ciúine chun cuairt a thabhairt de ghnáth idir 10.00 agus 11.00, ach athraíonn sé seo. Déan teagmháil linn chun tuilleadh eolais a fháil.

**Inis dúinn cad a shíleann tú. Scan anseo chun páirt a ghlacadh inár suirbhé.**

**ulstermuseum.org**